Oíche Shamhna

Oíche Shamhna a bhí ann. Bhí beirt chailín, Aíne agus Máire, "ag imirt bob nó bia" ar an tsráid.

Bhí an ghealach gheal sa spéir. Chuaigh na cailíní ó theach go teach. Bhí said ag dul suas an bóthar nuair a chuala said fothram íseal, ait. Bhí eagla is sceon orthu agus bhí said ag druidim le chéile nuair a léim púca síos anuas ón gcrann.

'Púca Púca!'

'Púca Púca!'

'AAAAAAAARGH' lig na cailíní scread ard uafásach astu. Bhí a gcosa reoite ar an spota.

Bhí an púca ag teacht i ngiorracht dóibh agus thosaigh na cailíní ag rith ar luas lasrach. Ach bhí sé ró-dhéanach. Sciob an púca Áine leis agus bhí sí ag screadáil agus ag strachailt. Bhí Máire chomh critheaglach nár stop sí ag rith go dtí gur shroich sí a teach féin sa bhaile. Bhí sí as anáil faoin am seo agus sceimhlithe ina beatha Shuigh sí síos ar na céimeanna lasmuigh den teach agus thosaigh sí ag caoineadh. Shiúil páistí eile thairsti agus thug said sracféachaint uirthi.

Tar éis tamaill, sheas sí suas agus thriomaigh sí a haghaidh le ciarsúr. Shocraigh sí go gcaithfeadh sí a bheith cróga. Rug an púca ar Áine agus bhí uirthi í a shábháil.

Go tobann, bhuail smaoineamh í. Rith sí isteach sa teach, suas an staighre agus isteach sa seomra codlata. Thosaigh sí ag cuardach do rudaí. Tar éis cúpla nóiméad, bhí sí réidh. Bhí tóirse agus líontán ina lámha. Bhí clogad rothair uirthi agus bhí sí ag caitheamh eadaí dubha. Tharraing sí dhá líne dubh ar a haghaidh le peann mór dubh.

Bhí sí réidh.

Ansin, chuala sí gleo thíos staighre. Reoigh sí. Go mall, agus go ciúin, chuaigh sí ar a barraicíní síos an staighre. Bhí an gleo ag teacht ón gcistin. Léim sí isteach sa chistin, ag screadáil, agus chaith sí an líontán iascaigh thar an duine istigh ann.



“ In ainm Dé, cad atá tú ag déanamh!? Ba bheag nár thit an t-anam asam leis an scread sin!” arsa a máthair

‘Ó, tá brón orm, a Mham! Cheap mé gur phúca thú!’ arsa Maire. ‘Slán!’ Agud d’fhág sí a máthair le mearbhall ina hintinn sa chistin.

Shiúil sí amach as an teach. “Anois, is púca mé. Cá rachaidh mé?” a smaoinigh sí di féin

Shiúil sí síos an bóthar, ag smaoineamh faoina fadhbh. Go tobann, stop sí.

“Tá a fhios agam!”

Thosaigh sí ag rith síos an bóthar. Chonaic sí teach uimhir a cúig, uimhir a fiche, uimhir a tríocha is a cúig. Bhí níos lú solais san áit agus níos lú tithe. Shroich sí ar uimhir a tríocha is a naoi. Ba “theach siúl” é! Níor tháinig aon duine ann. Bhí scéalta scanrúla cloiste aici sa cheantar faoin teach seo. Bhí na fuinneoga briste agus bhí an gairdín ina phraiseach ceart. Bhí crann mór níos airde ná an teach ag fás ann.

Bhí eagla an domhain ar Mháire. Ach dúirt sí léi féin, ‘Bí cróga, a Mháire! Tá do chara i dtrioblóid’. Lena croí ina béal, thosaigh sí ag siúl go mall suas an cosán. Bhí an doras leagtha síos ina luí os comhair an tí, shiúil sí isteach sa teach go hamhrasach.

Bhí sí chomh dubh le gual istigh san fhotrach. Fuair Máire tóirse óna mála. Bhain sí geit aisti nuair a thug sí faoi deara na lorga coise ag dul i dtreo an staighre. “Tá duine anseo, agus cibé duine nó rud atá ann tá sé thuas staighre”, a smaoinigh sí ina hintinn féin.

Thosaigh sí ag dreapadh an staighre. A haon, a dó, a trí… suas agus suas go dtí an céim dheireannach ag barr an staighre. Bhí sí ar an léibheann anois. Bhí solas ann mar bhí an díon scriosta agus d’fréadfaí an ghealach a fheiceáil ag lonrú go lag sa spéir. Chuala sí gleo ón seomra ar dheis.

“Heileo? A Áine”, a ghlaoigh Máire. Níor chuala sí ach an macalla “Púúúúúúúúca, púúúúúúcccaaaaaaaa!”

Lig Máire scread uafásach aisti. Chas sí timpeall ach rug sí a cos ar rud éigin ar an úrlar agus thit sí síos. Thosaigh sí ag caoineadh le faitíos agus le sceon. Ansin, chuala sí gáire. “Cad é in ainm Dé…?” arsa Máire. “Haigh! An bhfuil duine éigin anseo?” Agus shiúil Áine agus a cara Peadar as seomra!

“A Áine! Tá tú ceart go leor! Ach…”

D’inis Máire agus Peadar an scéal. Bhí Peadar ina phúca! Buaileadh bob mór uirthi. Nuair a chuala Máire sin, thuig sí nach raibh ann ach píosa craic agus thosaigh an triúr cara ag gáire.

“Ó, mar sin, bhí sibh ag rá púúúúccca ón seomra sin!” arsa Máire.



“Ní raibh, a Mháire. Bhí mé féin agus Áine sa seomra sin”, a d’fhreagair Peadar.

“Ach, cé a bhí sa seomra eile?” Ansin chuala na páistí gáire uafásach…

An Deireadh

Le hAmelia O Keeffe agus Annabel Elliott